



TUAIRIM AN ABHCÓIDE GHINEARÁLTA
BOBEK
arna tabhairt an 14 Eanáir 2021¹

Cás C-64/20

UH

v

An tAire Talmhaíochta Bia agus Mara, Éire agus an tArd-Aighne

(Iarraidh ar réamhrialú ón Ard-Chúirt (Éire))

(Tarchur chun réamhrialú – Treoir 2001/82/CE – Ceanglais teanga i dtaca le pacáistíocht agus lipéadú táirgí tréidliachta – Discréid na gcúirteanna náisiúnta chun faoiseamh a dhiúltú – Éifeacht dhíreach – Forlámhas – Neamhspleáchas ó thaobh nósanna imeachta de – Cosaint bhreithiúnach éifeachtach)

I. Réamhrá

1. Ní in éagmais saincheisteanna atá an cás idir lámha. Má chuirtear i gceann a chéile iad agus má sheinntear iad le chéile, cloistear fíor-ilfhóine de dhlí bunreachtúil an Aontais: éifeacht dhíreach, forlámhas, neamhspleáchas ó thaobh nósanna imeachta de, cosaint bhreithiúnach éifeachtach, éifeachtacht fhoriomlán d'fhorfheidhmiú náisiúnta dhlí an Aontais, agus ceart (líomhnaithe) chun faisnéis a fháil ina theanga féin agus ilteangachas an Aontais ag gabháil leo go léir.

2. Nuair a éistear go géar, áfach, tagann port amháin chun tosaigh: an gcuirtear bac leis na prionsabail sin, go háirithe le héifeachtacht fhorfheidhmiú náisiúnta dhlí an Aontais, ar rialacha náisiúnta lena dtugtar cumhacht dhiscreideach do chúirt chun a chinneadh cé acu a dhéanfaidh sí faoiseamh a dheonú, agus i gcás ina ndeonaíonn sí é, cén fhoirm ina mbeidh an faoiseamh sin, d'iarratasóir a mhaíonn nach ndearna na húdaráis treoir a thrasú i gceart, in ainneoin go (ndealraíonn sé go) bhfuil bunús maith leis an gcaingean? Freagraíonn an port sin do théama sách aitheanta: cad iad na teorainneacha réasúnta leis an gceanglas maidir le forfheidhmiú éifeachtach dhlí an Aontais ar an leibhéal náisiúnta?

II. An dlí

A. Dlí an Aontais

3. I dTeideal V de Threoir 2001/82/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Samhain 2001 maidir leis an gcód Comhphobail a bhaineann le táirgí íocshláinte tréidliachta,² dar teideal “Lipéadú agus an Bhileog Phacáiste”, áirítear Airteagail 58 go 64.

¹ Bunteanga: An Béarla.

² IO 2001, L 311, lch. 1, mar a leasaíodh ina dhiaidh sin. [Aistriúchán neamhoifigiúil]

4. In Airteagal 58(1) de Threoir 2001/82, liostaítear an fhaisnéis “a thaispeánfar i gcarachtar inléite”, cé is moite d’eisceachtaí, ar phacáistíocht táirgí íocshláinte. De bhun Airteagal 58(4) den treoir sin, beidh na sonraí a luaitear i mír 1(f) go (l) den fhoráil chéanna “ar an bhforphacáistíocht agus ar choimeádán na dtáirgí íocshláinte i dteanga nó i dteangacha na tíre ina gcuirtear ar an margadh iad”.

5. Sonraítear in Airteagal 59(1) de Threoir 2001/82, maidir le hampúil, “tabharfar na sonraí a liostaítear sa chéad mhír d’Airteagal 58(1) ar an bhforphacáistíocht”. Liostaítear ansin na sonraí a bhfuil gá leo ar na coimeádáin. Foráiltear le hAirteagal 59(3) de Threoir 2001/82, go mbeidh “na sonraí dá dtagraítear sa tríú agus sa séú fleasc de mhír 1 ar fhorphacáistíocht agus ar neasphacáistíocht na dtáirgí íocshláinte i dteanga nó i dteangacha na tíre ina gcuirtear ar an margadh iad.”

6. Sonraítear in Airteagal 61(1) de Threoir 2001/82 gurb “éigean bileog phacáiste a chur le pacáistíocht táirgí íocshláinte tréidliachta ach amháin i gcás inar féidir an fhaisnéis ar fad a gceanglaítear san airteagal seo a thaispeáint ar an neasphacáistíocht agus ar an bhforphacáistíocht. ... Beidh an bhileog phacáiste scríofa i dtéarmaí atá intuigthe don phobal i gcoitinne agus i dteanga nó i dteangacha oifigiúla an Bhallstáit ina gcuirfear an táirge íocshláinte ar an margadh”. Liostaítear in Airteagal 61(2) de Threoir 2001/82 an fhaisnéis nach mór a bheith sa bhileog phacáiste, ar a laghad ar fad.

7. Sonraítear in aithrisí 52 agus 53 le Rialachán (AE) 2019/6 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le táirgí íocshláinte tréidliachta agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/82/CE³:

“(52) Chun an ualach riaracháin a laghdú agus infhaighteacht táirgí íocshláinte tréidliachta a uasmhéadú sna Ballstáit, ba cheart rialacha simplithe a leagan síos faoin gcaoi ar cheart a bpacáistíocht agus a lipéid a chur i láthair. ...

(53) Chomh maith leis sin, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann an teanga a roghnú don téacs a úsáidtear san achoimre ar shaintréithe an táirge, sa lipéadú agus i mbileog phacáiste na dtáirgí íocshláinte tréidliachta atá údaraithe ar a gcríoch.”

8. Sonraítear in Airteagal 7 de Rialachán 2019/6, dar teideal “Teangacha”:

“1. Is í teanga nó teangacha oifigiúla an Bhallstáit ina gcuirtear an táirge íocshláinte tréidliachta ar fáil ar an margadh teanga nó teangacha na hachóimre ar shaintréithe an táirge agus na faisnéise ar an lipéadú agus ar an mbileog phacáiste, ach amháin i gcás ina ndéanann an Ballstát a mhalairt a chinneadh.

2. Féadfar táirgí íocshláinte tréidliachta a lipéadú i roinnt teangacha.”

9. I gcomhréir le hAirteagal 160 de, beidh feidhm ag Rialachán 2019/6 ón 28 Eanáir 2022 i leith.

B. An dlí náisiúnta

10. Dar leis an gcúirt a rinne an tarchur, glacadh roinnt mhaith ionstraimí reachtúla chun Treoir 2001/82 a thrasú. Maidir le teanga na pacáistíochta, áfach, ónar eascair na príomhimeachtaí, tá na forálacha ábhartha le fáil in Ionstraimí Reachtúla (“IR”) 144/2007 agus 786/2007. De réir na n-ionstraimí sin, féadfaidh na sonraí a cheanglaítear le forálacha Threoir 2001/82 a bheith i nGaeilge nó i mBéarla.

³ IO 2019, L 4, lch. 43.

III. Fíorais, imeachtaí náisiúnta agus na ceisteanna arna dtarchur

11. Is cainteoir dúchais Gaeilge é an t-iarratasóir sna príomhimeachtaí. Tá peata gadhair aige, dá gceannaíonn sé táirgí íocshláinte tréidliachta. Rinne an t-iarratasóir gearán leis an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara (Éire), go raibh an fhaisnéis a bhí ag gabháil leis na táirgí tréidliachta i mBéarla amháin, seachas sa dá theanga oifigiúla den Stát: an Ghaeilge agus an Béarla. Ina thuairim, ba shárú é sin ar Threoir 2001/82.

12. An 14 Samhain 2016, rinne an t-iarratasóir iarratas leis an Ard-Chúirt (Éire) ar chead chun athbhreithniú breithiúnach a lorg maidir le mainneachtain an Aire Treoir 2001/82 a thrasú i gceart ó thaobh na gceanglas teanga arna leagan síos sa treoir sin. Deonaíodh an cead sin agus tionscnaíodh imeachtaí i gcoinne an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara (Éire), mar aon leis an Ard-Aighne agus le Éirinn. Éisteadh an cás an 24 agus 25 Iúil 2018.

13. D'iarr an t-iarratasóir na cineálacha seo faoisimh i leith mhainneachtain líomhnaithe na hÉireann an treoir a thrasú i gceart: (i) dearbhú nach dtrasuitear Teideal V (Airteagail 58 go 61) de Threoir 2001/82 leis an reachtaíocht náisiúnta is infheidhme mar ba chóir nó in aon chor; (ii) dearbhú nach foláir do dhlí na hÉireann a chur faoi deara do na sonraí cuí ar bhileoga pacáiste agus ar phacáistí atá i gceist i dTeideal V de Threoir 2001/82 a bheith i dteangacha oifigiúla an Stáit, eadhon i nGaeilge agus i mBéarla, i gcás táirgí íocshláinte tréidliachta a chuirtear ar an margadh sa Stát; agus (iii) dearbhú nach foláir d'údarais na hÉireann an dlí náisiúnta a leasú d'fhonn trasú ceart fhorálacha Theideal V de Threoir 2001/82 a áirithiú.

14. Os comhair na hArd-Chúirte, phléadail an t-iarratasóir, go príomha (i) éifeacht dhíreach fhorálacha Threoir 2001/82 ó thaobh na gceanglas teanga de (go bhfuil na forálacha sin soiléir, beacht agus neamhchoinníollach), (ii) forlámhas dhlí an Aontais ar an dlí náisiúnta (d'fhéadfadh an chúirt náisiúnta forálacha an Aontais a chur i bhfeidhm, dá bhrí sin, agus na forálacha Éireannacha contrártha a chur i leataobh), agus (iii) an ceart chun athbhreithniú breithiúnach éifeachtach a fháil (ba cheart leigheas breithiúnach éifeachtach a bheith ar fáil dó agus, dá bhrí sin, ba chóir don chúirt náisiúnta an faoiseamh arna lorg a dheonú).

15. Maidir leis na freagróirí, d'aithin siad gur *gnách* faoin dlí náisiúnta go mbíonn iarratasóir a n-éiríonn leis nó léi dúshlán cinnidh údarais phoiblí a thabhairt trí athbhreithniú breithiúnach i dteideal faoiseamh a fháil. D'áitigh siad, áfach, nach teidlíocht absalóideach é sin agus, sna príomhimeachtaí, go bhfuil sé inchosanta aon chineál faoisimh a dhiúltú. Maíonn siad, sa chás seo, cé gurbh fhéidir go mbeadh tairbhe éigin ann don iarratasóir ag baint le faoiseamh a bheith deonaithe, go mbeadh sí sin an-teoranta ó thaobh luacha de, áfach, mar gheall ar Rialachán Uimh. 2019/6 a bheith ar tí teacht i bhfeidhm. Ina theannta sin, d'aighnigh na freagróirí go bhfuil seans maith ann, sa chás seo, dá ndéanfaí faoiseamh a dheonú, go mbeadh tionchar tromchúiseach aige sin ar thríú páirtithe. Dá gcinnfeadh soláthraithe agus dáileoirí táirgí íocshláinte tréidliachta éirí as margadh na hÉireann de dheasca iallach a bheith curtha orthu téacs na dtreoirbhileog agus na pacáistíochta a chló sa dá theanga oifigiúla, is léir go mbeadh iarmhairtí tromchúiseacha aige sin do shláinte ainmhithe, chomh maith le hiarmhairtí gilleagracha, a dhéanfadh dochar do go leor daoine aonair.

16. An 26 Iúil 2019, rialaigh an Ard-Chúirt go raibh *locus standi* ag an iarratasóir ó tharla Airteagal 58(4), Airteagal 59(3), agus Airteagal 61(1) de Threoir 2001/82 (“na forálacha den Aontas atá i dtrácht”) a bheith soiléir, beacht agus neamhchoinníollach. Dá bhrí sin, d'fhéadadh an t-iarratasóir iad a agairt i gcoinne na bhfreagróirí. Rialaigh an chúirt sin freisin gur mhainnigh Éire an treoir a thrasú i gceart ó thaobh cúrsaí teanga de, a mhéid a cheadaítear leis an dlí náisiúnta atá i gceist (eadhon, IR 144/2007 agus IR 786/2007) an fhaisnéis a bheith i mBéarla amháin, seachas Gaeilge agus Béarla araon a cheangal.

17. Nótáil an Ard-Chúirt freisin áfach, gur glacadh Rialachán 2019/6 le linn na n-imeachtaí, ina bhfuil forálacha nua maidir le húsáid teangacha le haghaidh táirgí íocshláinte tréidliachta. De réir an rialacháin sin, féadfar go gceadófar an fhaisnéis ar an bpacáistíocht a bheith i mBéarla amháin nuair a thiocfaidh sé i bhfeidhm (an 28 Eanáir 2022). Sa chomhthéacs sin, bhí an chúirt in amhras ansin arbh fhiú na faoisimh arna lorg ag an iarratasóir a dheonú i bhfianaise an athraithe ar na bacáin, d’ainneoin go bhfuil dlí an Aontais á shárú ag Éirinn.

18. Sonraíonn an chúirt sin go bhfuil forais sheanbhunaithe i ndlí na hÉireann faoina bhféadfaidh na cúirteanna discréd a fheidhmiú i dtaca leis an rogha cé acu a dhéanfaidh siad faoiseamh cuí a dheonú d’iarratasóir a n-éiríonn leis, agus i gcás ina ndéanfaidh siad é, cén chaoi ina ndéanfar é sin. Ar na forais sin, tá tosca éagsúla, mar shampla: (1) moill nach bhfuil údar léi i dtionscnamh na n-imeachtaí; nó (2) gan leas a bhaint as faoiseamh eile a bheadh níos iomchuí, ar nós achomhairc; nó (3) easpa oscailteachta ó thaobh an iarratasóra de; nó (4) an t-iarratasóir gan bheith ag feidhmiú de mheon macánta; nó (5) tionchar díobhálach ar thríú páirtithe; nó (6) i gcás nach mbeadh feidhm úsáideach le faoiseamh a dheonú.

19. Dá réir sin, agus í in amhras i dtaobh cé acu a chuirtear cosc le dlí an Aontais ar rialacha náisiúnta nós imeachta amhail iad siúd atá i dtrácht sna príomhimeachtaí, chinn an Ard-Chúirt (Éire) bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a tharchur chun na Cúirte Breithiúnais i gcomhair réamhrialú:

“(1) An bhfuil an discréd ag cúirt náisiúnta faoiseamh a dhiúltú in ainneoin gur chinn sí gur theip ar an dlí náisiúnta éifeacht a thabhairt do ghné ar leith de Threoir den Aontas Eorpach agus, má tá an discréd sin aici, cad iad na tosca cuí a ba chóir a chur san áireamh i dtaca leis an discréd agus/nó an bhfuil an chúirt náisiúnta i dteideal na tosca céanna, a chuirfeadh sí san áireamh dá mba shárú ar an dlí náisiúnta a bheadh faoi chaibidil aici, a chur san áireamh?

(2) An mbainfí an bonn de phrionsabal na héifeachta díri i ndlí an Aontais Eorpaigh dá ndiúltódh cúirt náisiúnta faoiseamh a dheonú sa chás seo mar gheall ar theacht i bhfeidhm Airteagal 7 de [Rialachán 2019/6] (agus a chur i bhfeidhm arna chur siar go dtí an 28ú Eanáir 2022), in ainneoin gur chinn an chúirt náisiúnta gur theip ar an dlí náisiúnta éifeacht a thabhairt don dualgas in Airteagail 61(1), 58(4), agus 59(3) de Threoir 2001/82 go mbeadh pacáistiú agus lipéadú táirgí tréidliachta i dteangacha oifigiúla an Bhallstáit .i. Gaeilge chomh maith le Béarla in Éirinn?”

20. Tá barúlacha i scríbhinn taiscthe ag an iarratasóir, ag Éirinn, ag Rialtas na Polainne agus ag an gCoimisiún Eorpach.

IV. Anailís

A. Inghlacthacht

21. Áitíonn Éire agus Rialtas na Polainne go bhfuil an tarchur do-ghlactha.

22. Ar an gcéad dul síos, áitíonn Éire go bhfuil na forálacha den Aontas atá i dtrácht trasuite i gceart aici. Tá an téacs de Threoir 2001/82 débhríoch i dtaobh cé acu atá nó nach bhfuil ceanglas ann na teangacha oifigiúla go léir a úsáid don fhaisnéis a thaispeántar ar phacáistíocht agus lipéadú táirgí íocshláinte tréidliachta i gcás ina bhfuil roinnt teangacha oifigiúla i mBallstát. Dá réir sin, bheadh an cinneadh a rinne Éire an treoir sin a chur chun feidhme ar chaoi inar ceadaíodh teanga amháin dá teangacha oifigiúla a úsáid laistigh dá corrlach breithmheasa agus an treoir á trasú.

23. Ar an dara dul síos, áitíonn Éire go bhfuil sé soiléir, ar bhonn chuspóir sainráite Threoir 2001/82, nach cearta teanga ná cultúir iad na cearta a éiríonn aisti, ach gur cearta iad maidir le rochtain ar fhaisnéis faoi táirgí íocshláinte tréidliachta. Ní dhéanfaí na cearta sin a shárú ach amháin i gcás ina mbeadh pacáistíocht nó lipéadú ag an iarratasóir nach raibh sé in ann a thuiscint go hiomlán. Ní mhaíonn an t-iarratasóir sna príomhimeachtaí, áfach, gur tháinig sé ar aon phacáistíocht nó lipéadú nach raibh sé in ann a thuiscint go hiomlán.

24. Maidir le Rialtas na Polainne, áitíonn sé nach gcuirtear de cheangal ar na cúirteanna náisiúnta le dlí an Aontais faoiseamh a dheonú lena n-ordaítear do na húdaráis náisiúnta inniúla an dlí náisiúnta a leasú d'fhonn é a chur i gcomhréir le dlí an Aontais. In aon chás, maíonn an rialtas sin nach n-éireoidh le caingean an iarratasóra. Fiú dá nglacfaí leis go n-eascaíonn ceart chun faisnéis a ghabhann le táirgí íocshláinte tréidliachta a bheith ar fáil i nGaeilge ó fhorálacha de Threoir 2001/82 atá neamhchoinníollach agus sách beacht, ní ceart é, de réir a chineáil, a d'fhéadfaí a agairt i gcoinne údarais na hÉireann. Is de chúram eintiteas príobháideach í an oibleagáid chun na táirgí sin a lipéadú i nGaeilge, is é sin le rá monaróirí agus dáileoirí na dtáirgí sin. Ní fhéadfaidh an t-iarratasóir a cheart chun faisnéis i nGaeilge i dtaca le táirgí íocshláinte tréidliachta a dhearbhu in aghaidh mhonaróirí agus dháileoirí na dtáirgí sin, áfach, ós rud é nach féidir le treoir, inti féin, oibleagáidí a chruthú do dhuine aonair agus, dá bhrí sin, ní féidir a leithéid d'oibleagáid, inti féin, a agairt ina choinne.

25. Maidir le hinghlacthacht na hiarrata seo ar réamhrialú, ní argóintí éifeachtacha iad sin.

26. I mo thuairimse, baineann na hargóintí ó Éirinn agus ó Rialtas na Polainne le tuillteanas na caingne a rinne an t-iarratasóir sna príomhimeachtaí ar leibhéal náisiúnta. Baineann na hagóidí a d'ardaigh Éire le réamhcheist shubstainteach, ceist nár ardaigh an chúirt a rinne an tarchur, áfach. Is amhlaidh an cás maidir leis na hagóidí a d'ardaigh Rialtas na Polainne. Sna himeachtaí seo, arís, ceist shubstainteach amach is amach is ea an cheist cé acu a cheanglaítear ar an gcúirt náisiúnta le dlí an Aontais aon leigheas sonrach a dheonú, ní ceist í sin a bhaineann le hinghlacthacht. Tá sé dearbhaithe go buanseasmhach ag an gCúirt nach féidir le hargóintí a bhaineann le ceisteanna substainteacha tionchar a bheith acu ar inghlacthacht na gceisteanna arna dtarchur.⁴

27. Ina theannta sin, de réir cásdlí socair, baineann toimhde ábharthachta le ceisteanna maidir le léirmhíniú ar dhlí an Aontais arna dtarchur ag cúirt náisiúnta sa chomhthéacs fíorasach agus reachtach ar faoin gcúirt sin atá sé a shainiú, agus nach faoin gCúirt Bhreithiúnais atá sé a chruinneas a fhíorú. Ní féidir an toimhde sin a bhréagnú leis an bhféidearthacht go bhféadfaí nach n-éireodh leis an iarratasóir sna príomhimeachtaí os comhair na cúirte náisiúnta, sa deireadh thiar, go háirithe i gcás ina nglacann an Chúirt le léirmhíniú áirithe ar dhlí an Aontais atá i dtrácht.⁵

28. Ar na cúiseanna sin, pléifidh mé anois substaint an dá cheist arna dtarchur.

B. An tsubstaint

1. Réamhbharúlacha

29. Sa chás seo, tagraíonn an t-iarratasóir, agus an chúirt a rinne an tarchur, do chuid de na prionsabail struchtúracha is tábhachtaí i ndlí an Aontais: éifeacht dhíreach, forlámhas, athbhreithniú breithiúnach éifeachtach agus neamhspleáchas ó thaobh nósanna imeachta de. Ar an gcéad amharc, dealraíonn sé go bhfuil na saincheisteanna a ardaítear sna himeachtaí seo casta go leor. Ach ar scrúdú níos grinne, tá an phríomhcheist sách soiléir.

⁴ Féach, mar shampla, breithiúnas an 19 Nollaig 2019, *A. K. e.a. (Neamhspleáchas an Dlísheomra Araíonachta den Chúirt Uachtarach)* (C-585/18, C-624/18 agus C-625/18, EU:C:2019:982, mír 111).

⁵ I gcomhair tuilleadh mionsonraí agus tagairtí, féach, mar shampla, mo Thuairim in C-505/19, *Bundesrepublik Deutschland (Fógra dearg Interpol)* (EU:C:2020:939, mír 34 agus an cásdlí dá dtagraítear).

30. De réir mo thuisceana, d'iarr an t-iarratasóir sna príomhimeachtaí trí chineál faoisimh, go bunúsach: (i) dearbhú go bhfuil an dlí náisiúnta ar neamhréir le dlí an Aontais, (ii) dearbhú go mba chóir don dlí náisiúnta dlí an Aontais a chomhlíonadh agus, ar deireadh, (iii) dearbhú nach mór do na húdaráis náisiúnta an dlí náisiúnta a leasú dá réir sin.

31. Níl sé rí-shoiléir dom an bhfuil na trí chineál faoisimh le deonú ag an am céanna nó an bhfuil saoirse ag an gcúirt a rinne an tarchur rogha a dhéanamh ina measc. Chun críoch na Tuairime seo, glacfaidh mé leis go bhfuil solúbthacht shuntasach ag an gcúirt a rinne an tarchur ina leith sin. Go deimhin, luaigh an chúirt a rinne an tarchur, go bhfuil cumhacht dhiscreideach aici, faoin dlí náisiúnta, an faoiseamh a mheasann sí a bheith ar an bhfaoiseamh is iomchuí, i bhfianaise na n-imthosca, a *roghnú* agus, de réir mar is iomchuí, fiú a *dhiúltú* d'aon fhaoiseamh a dheonú ar chor ar bith.⁶ Dá bhrí sin, fiafraíonn an chúirt sin cé acu an amhlaidh atá freisin i gcás ina n-éiríonn cearta an iarratasóra ó dhlí an Aontais.

32. Sa chomhthéacs sin, dealraíonn sé domsa, ó thaobh dhlí an Aontais de, go bhfuil saincheisteanna maidir le neamhspleáchas ó thaobh nósanna imeachta de agus cosaint éifeachtach bhreithiúnach lárnach sa díospóid. Dá bhrí sin, is féidir an dá cheist arna dtarchur a láimhseáil le chéile agus a athfhoirmliú mar seo a leanas: an gcuirtear bac le dlí an Aontais, go háirithe le prionsabal an neamhspleáchais ó thaobh nósanna imeachta de agus le prionsabal na cosanta breithiúnaí éifeachtaí, ar reachtaíocht nó ar chleachtas náisiúnta ar dá réir a bhfuil cumhacht dhiscreideach ag cúirteanna náisiúnta chun a chinneadh cé acu a dhéanfaidh siad faoiseamh a dheonú, agus i gcás ina ndéanfaíonn siad é, cén fhoirm ina mbeidh sé, d'iarratasóir a mhaíonn nach ndearna na húdaráis treoir a thrasú i gceart, i gcás ina bhfuil bunús maith leis an gcingean?

33. Agus an cheist sin á freagairt, tá an Tuairim seo struchtúrtha mar seo a leanas: ar dtús, déanfaidh mé an creat dlí anailíse ábhartha a leagan amach, d'fhonn a mhíniú cén chaoi a ndéanfar an cas seo a mheas (2). Ansin, léireoidh mé go hachomair an chaoi inar chuir an Chúirt an creat sin i bhfeidhm, i gcásanna sonracha roimhe seo (3). Ar an mbonn sin, leagfaidh mé amach téamaí agus treoirlínte trasnacha áirithe a d'fhéadfadh a bheith úsáideach don chúirt a rinne an tarchur (4). A mhéid a bheidh sé faoin gcúirt a rinne an tarchur, sa deireadh thiar, na hiarmhairtí a chinneadh sa chás atá i dtrácht sna príomhimeachtaí, críochnóidh mé le roinnt breithnithe a bhaineann leis an gcás seo go sonracha (5).

2. An creat ábhartha: Éifeachtacht “Rewe” agus cosaint bhreithiúnach éifeachtach faoi Airteagal 47 den Chairt

34. De réir cásdlí socair, i gcás rialacha de dhlí an Aontais atá infheidhme go díreach, ar foinse láithreach ceart agus oibleagáidí iad don té lena mbaineann, cibé acu an Ballstáit nó daoine aonair iad, ní mór go gcuirfí i bhfeidhm a lánéifeachtaí go haonfhoirmeach sna Ballstáit go léir, ón uair a thagann siad i bhfeidhm agus *fad a choimeádtar i bhfeidhm iad*.⁷

35. Is cásdlí socair freisin é go bhfuil aon chúirt náisiúnta, a éisteann cás laistigh dá dlínse, faoi oibleagáid, de bhun phrionsabal an chomhair dhílis arna leagan amach in Airteagal 4(3) CAE, mar orgán de Bhallstát, an dlí den Aontas is infheidhme go díreach *a chur i bhfeidhm go huile is go hiomlán* agus na cearta a thugtar leis do dhaoine aonair a chosaint, agus diúltú d'aon fhoráil chontrártha den dlí náisiúnta a chur i bhfeidhm.⁸

⁶ Féach thuas, mír 18 den Tuairim seo.

⁷ Féach, chuige sin, breithiúnais an 9 Márta 1978, *Simmenthal* (106/77, EU:C:1978:49, míreanna 14 go 15); an 19 Iúil 1990, *Factortame e.a.* (C-213/89, EU:C:1990:257, mír 18); agus an 8 Meán Fómhair 2010, *Winner Wetten* (C-409/06, EU:C:2010:503, mír 54).

⁸ Féach, chuige sin, breithiúnais an 9 Márta 1978, *Simmenthal* (106/77, EU:C:1978:49, míreanna 16 agus 21); an 19 Iúil 1990, *Factortame e.a.* (C-213/89, EU:C:1990:257, mír 19); agus an 8 Meán Fómhair 2010, *Winner Wetten* (C-409/06, EU:C:2010:503, mír 55).

36. Leanann sé ón méid sin thuas nach mbeadh sé ag luí leis na ceanglais dhúlse a bhaineann le dlí an Aontais go mbeadh aon *fhóráil* de dhlíchóras náisiúnta, nó aon *chleachtas* reachtaíochta, riaracháin nó *breithiúnach* náisiúnta ann, a d'fhéadfadh éifeachtacht dhlí an Aontais a laghdú trí bhac a chur ar an gcúirt nó ar an mbinse a bhfuil de chúram air nó uirthi an dlí sin a chur i bhfeidhm, tráth atá sé á chur i bhfeidhm aige nó aici, a chumas nó a cumas a ghníomhú chun a mhéid atá riachtanach chun na forálacha náisiúnta a d'fhéadfadh cosc a chur ar éifeacht iomlán de rialacha dlí an Aontais atá infheidhme go díreach a chur i leataobh.⁹

37. Mar sin féin, cé chomh hiomlán is gá d'éifeacht iomlán rialacha den Aontas atá infheidhme go díreach a bheith chun go mbeidh sé lánéifeachtach? Mura gciallaíonn “iomlán” gach uile rud, pé rud agus tuilleadh, go huathoibríoch, is amhlaidh nach bhfuil aon slat tomhais neamhspleách faoi dhlí an Aontais i dtaca le héifeachtacht iomlán. Ina áit sin, tá measúnú cás ar chás a dhéantar de ghnáth trí chrostaíocht don chreat dlí náisiúnta atá i gceist sa chás i dtrácht.

38. Níl aon dul as sin más é an gnáthphrionsabal d'fhorfheidhmiú náisiúnta rialacha dlí an Aontais é an neamhspleáchas náisiúnta ó thaobh nósanna imeachta de. Is í an tslat tomhais náisiúnta atá i gceist an tslat tomhais tosaigh. De réir cásdlí socair, in éagmais reachtaíocht an Aontais, is faoi gach Ballstát atá sé na cúirteanna agus na binsí a bhfuil dlínse acu a shannadh agus na rialacha mionsonraithe nós imeachta a leagan síos lena rialaítear caingne dlí chun na cearta atá ag daoine aonair faoi dhlí an Aontais a chosaint. Mar sin féin, ní fhéadfadh na rialacha sin a bheith níos lú fabhar ná iad siúd lena rialaítear caingne náisiúnta comhchosúla (an ceanglas maidir le *coibhéis*) agus ní mór dóibh gan feidhmiú na gceart arna ndeonú le dlí an Aontais a dhéanamh dodhéanta i gcleachtas nó ródheacair (an ceanglas maidir le *héifeachtacht*).¹⁰

39. Sna himeachtaí seo, is léir nach mbaineann ceist na *coibhéise* le hábhar. Baineann na hamhrais atá ar an gcúirt a rinne an tarchur leis an bhfóras féin go bhfuil feidhm ag na rialacha náisiúnta nós imeachta atá i dtrácht ní hamháin i leith cúinsí arna rialú leis an dlí náisiúnta, ach i leith cúinsí arna rialú le dlí an Aontais chomh maith.

40. Dá bhrí sin, is í an *éifeachtacht* an fhíor-shaincheist.

41. Mar sin féin, i gcás ar nós an cháis atá i dtrácht, tá forluí, i gcleachtas, idir an ceanglas maidir le héifeachtacht, arna thuiscint mar choinníoll chun prionsabal an neamhspleáchais ó thaobh nósanna imeachta de a chur i bhfeidhm, agus dá dtagraítear, mar sin, mar “éifeachtacht Rewe”, uaireanta,¹¹ agus an ceart bunúsach chun *leigheas éifeachtach breithiúnach a fháil* faoi Airteagal 47 den Chairt. Go deimhin, líomhaíonn an t-iarratasóir go séantar leigheas leordhóthanach air le cur i bhfeidhm na rialacha náisiúnta nós imeachta atá i dtrácht chun cosaint don cheart (substainteach) atá aige faoi na forálacha den Aontas atá i dtrácht a áirithiú: an fhaisnéis a ghabhann le táirgí íocshláinte tréidliachta a bheith sa dá theanga oifigiúla (Gaeilge agus Béarla) den Stát.

42. Mar a luaigh mé i mo Thuairim in *Banger*, is féidir nach bhfuil an gaol idir prionsabal na héifeachtachta, mar cheann den dá cheanglas a eascraíonn ó neamhspleáchas na mBallstát ó thaobh nósanna imeachta de, agus prionsabal na cosanta éifeachtaí breithiúnaí, mar cheart bunúsach a cumhdaíodh in Airteagal 47 den Chairt níos déanaí go hiomlán soiléir (go fóill).¹² Is ar éigean a d'fhéadfaí a chonspóid, go bhfuil, ar a laghad ar fad, an dá phrionsabal ag forluí go mór ar a chéile ina substaint.

9 Féach, chuige sin, breithiúnais an 9 Márta 1978, *Simmenthal* (106/77, EU:C:1978:49, mír 22); an 19 Iúil 1990, *Factortame e.a.* (C-213/89, EU:C:1990:257, mír 20); agus an 8 Meán Fómhair 2010, *Winner Wetten* (C-409/06, EU:C:2010:503, mír 56).

10 I measc go leor eile, féach an breithiúnas le déanaí an 24 Deireadh Fómhair 2018, *XC e.a.* (C-234/17, EU:C:2018:853, míreanna 21 go 22 agus an cásdlí dá dtagraítear).

11 Ón gcéad uair a cuireadh in iúl é i mbreithiúnas an 16 Nollaig 1976, *Rewe-Zentralfinanz agus Rewe-Zentral* (33/76, EU:C:1976:188).

12 C-89/17, EU:C:2018:225, míreanna 99 go 107.

43. Ina theannta sin, maidir leis an gcineál measúnaithe atá le déanamh, d'fhéadfaí breathnú orthu sa chaoi go dtugann siad údar le scrúdú a dhéanamh ar chás faoi leith ó dhá pheirspictíocht chomhlántacha: díritear le héifeachtacht “Rewe” ar an leibhéal *struchtúrach* (leigheasanna leordhóthanacha sa chineál cáis i dtrácht a bheith ann, go ginearálta), fad is a dhíritear níos mó ar leibhéal an *duine aonair* le cosaint bhreithiúnach éifeachtach in Airteagal 47 den Chairt (leigheasanna leordhóthanacha a bheith ann, *in concreto*, don duine lena mbaineann).

44. Is prionsabal ginearálta de dhlí an Aontais é an prionsabal maidir le cosaint bhreithiúnach éifeachtach, arna chumhdach in Airteagal 47 den Chairt anois. Éilítear leis, go háirithe, leigheasanna leordhóthanacha breithiúnacha a bheith ann i gcoinne aon chinneadh ó na húdaráis náisiúnta a d'fhéadfadh a bheith ina shárú ar na cearta agus na saoirsí atá ag daoine aonair faoi dhlí an Aontais.¹³ Sa chomhthéacs sin, ní mór don chúirt náisiúnta a bhfuil an díospóid curtha faoina bráid, *inter alia*, an chumhacht a bheith aici chun na ceisteanna dlí agus fíoraíais go léir atá ábhartha don chás os a comhair a mheas.¹⁴

45. Mar sin féin, athraíonn raon feidhme agus doimhneacht an athbhreithnithe atá le déanamh ag cúirt náisiúnta chun Airteagal 47 den Chairt a chomhlíonadh ag brath ar chomhthéacs sonrach agus imthosca ábhartha gach cáis.¹⁵ Mar atá dearbhaithe ag an gCúirt arís agus arís eile, áirítear ar na gnéithe nach mór a chur san áireamh, *inter alia*, “cineál an ghnímh atá i dtrácht, an comhthéacs inar glacadh é agus na rialacha dlí a rialaíonn an tsaincheist faoi thrácht”.¹⁶

46. Ar ndóigh, tá raidhse cásdlí ar éifeachtacht “Rewe”, a bhfuil an chosaint bhreithiúnach éifeachtach faoi Airteagal 47 den Chairt tagtha go bunúsach ina áit le deich mbliana anuas. Mar sin féin, is ar éigean a d'fhéadfaí a mheas gur cásdlí comhsheasmhach é an cásdlí sin, atá thar a bheith sonrach do gach cás.

3. Cásdlí roimhe seo: idir dhéine, trócaire agus rud éigin i lár báire

47. Tá luaineacht le tabhairt faoi deara sa chásdlí arna thiomsú thar na blianta.¹⁷ Toisc go bhfuil sé chomh sonrach sin don chás, is deacair an cásdlí sin a ghinearálú. Tá samplaí de chineálacha éagsúla cuir chuige ann. Cuimsítear ó sheasamh atá sách tuisceanach do na Ballstáit inar leor an choibhéis, go ginearálta, go dearbhuithe éifeachtachta gan ghéilleadh, ina gceanglaítear ar an mBallstát dul (i bhfad) níos faide ná mar is féidir de ghnáth faoina dhlí náisiúnta.

48. Ar thaobh amháin den scála, tá cásanna inar ghlac an Chúirt leis na rialacha náisiúnta nós imeachta a bhí i gceist, i ndiaidh a hanailís a dhíriú ar chomhlíonadh an choinníll maidir le coibhéis. Sna cásanna sin, níl an measúnú ar an gcoinníoll maidir le héifeachtacht ródhian.¹⁸ I dtaca leis sin, shoiléirigh an Chúirt nach féidir prionsabal na coibhéise a léirmhíniú mar oibleagáid ar na Ballstáit a gcóras náisiúnta nós imeachta is fabhraí a leathnú do gach caingeán atá bunaithe ar dhlí an

13 Féach, i measc go leor eile, breithiúnais an 29 Samhain 2018, *Bank Tejarat v An Chomhairle* (C-248/17 P, EU:C:2018:967, mír 79), agus an 31 Eanáir 2019, *Islamic Republic of Iran Shipping Lines e.a. v an Chomhairle* (C-225/17 P, EU:C:2019:82, mír 62).

14 Féach, chuige sin, breithiúnais an 6 Samhain 2012, *Otis e.a.* (C-199/11, EU:C:2012:684, mír 49), agus an 17 Nollaig 2015, *Imtech Marine Belgium* (C-300/14, EU:C:2015:825, mír 38).

15 Féach, i gcomhair tuilleadh tagairtí, mo Thuairim in *Banger* (C-89/17, EU:C:2018:225, mír 104).

16 Féach, chuige sin, breithiúnais an 18 Iúil 2013, *An Coimisiún e.a. v Kadi* (C-584/10 P, C-593/10 P agus C-595/10 P, EU:C:2013:518, mír 102), agus an 26 Iúil 2017, *Sacko* (C-348/16, EU:C:2017:591, mír 41).

17 Tá sé curtha in iúl sa litríocht dlí go mbeadh trá agus tuile nó athruithe ar an gcur chuige, siar agus aniar ó níos mó go níos lú idirghabhála ón gCúirt i gcaitheamh an ama. Féach, mar shampla, Dougan, M., *National Remedies Before the Court of Justice: Issues of Harmonisation and Differentiation*, Hart Publishing, Oxford, 2004, lgh. 227 – 233 nó Tridimas, T., *The General Principles of EC Law*, 2ú hEagrán, Oxford University Press, Oxford, 2006, lgh. 420 – 422.

18 Féach, *inter alia*, breithiúnais an 1 Nollaig 1995, *Van Schijndel agus Van Veen* (C-430/93 agus C-431/93, EU:C:1995:441); an 24 Deireadh Fómhair 1996, *Kraaijeveld e.a.* (C-72/95, EU:C:1996:404); agus an 17 Márta 2016, *Bensada Benallal* (C-161/15, EU:C:2016:175).

Aontais.¹⁹ Is cosúil gur cuireadh i bhfeidhm an caighdeán athbhreithnithe “trócaireach” sin, den chuid is mó, i dtaca le coincheapa agus sásraí de dhlí na nósanna imeachta atá coitianta i ndlíchórais na mBallstát go léir, mar chuid dhílis d’aon chóras breithiúnach (amhail *res judicata*, teorainneacha ama agus araile).

49. Ar an taobh eile den scála, tá cásanna ar nós *Simmenthal*, *San Giorgio*, *Factortame*, *Cartesio*, *Elchinov*, nó *Klausner*,²⁰ inar dhearbhaigh an Chúirt go neamhchoimsithe fíis láidir don éifeachtacht. Ba ghnách go raibh na cásanna sin bainteach le himthosca nárbh ann do chineál leighis faoin gcóras dlí náisiúnta, agus gur measadh go raibh an cleachtas náisiúnta a bhí i dtrácht ina chúis le constaicí córasacha do lánéifeachtacht dhlí an Aontais nó do chosaint thráthuil iomlán do dhaoine aonair a ndearnadh dochar dá gcearta.

50. Ina theannta sin, maidir le comhthéacs an cháis seo go sonrach, ghlac an Chúirt cur chuige sách dian i gcásanna éagsúla inar bhain an tsaincheist a d’ardaigh na cúirteanna tarchuir le héifeachtaí, *ratione temporis*, de bhreithiúnais ina bhfuarthas go raibh neamhréireacht idir an dlí náisiúnta agus dlí an Aontais. I gcásanna amhail *Winner Wetten*, *Filipiak*, *Gutierrez Naranjo*, nó *Association France Nature Environment*,²¹ dhiúltaigh an Chúirt go bunúsach go bhféadfadh sé a bheith de chumhacht ag na cúirteanna náisiúnta, lena n-áirítear cúirteanna uachtaracha nó bunreachtúla, moill a chur ar éifeachtaí cinnidh go raibh beart náisiúnta ar neamhréir le dlí an Aontais nó córas sealadach a chruthú, chun folús dlíthiúil líomhnaithe a líonadh. Dar leis an gCúirt, bheadh aon chinneadh den sórt sin ag freagairt do theorainn ama ar éifeachtaí de léirmhíniú ar riail dlí an Aontais, ar ceist í ar faoin gCúirt amháin atá sé í a chinneadh. Ar an taobh eile, ó thaobh an chomhthéacs de, ní mór a aithint freisin go raibh urramú ceart, nó fiú cur chun feidhme bhreithiúnais na Cúirte roimhe sin a bhí i gceist sna cásanna sin, mar ghné thábhachtach i gcoiteann idir na cásanna seo.

51. Ar deireadh, idir an dá fhoirceann sin, tá cásanna inar ghlac an Chúirt seasamh éigin measartha. Is minic a rinne an Chúirt iarracht chun teacht ar chinntí ar mhodh “Sholaimh” lena bhformhuinítear rialacha náisiúnta na mBallstát, ach a neamhspleáchas a theorannú don chaoi ina bhfuil na leigheasanna sin le húsáid. Tugtar samplaí maithe den mhéid sin i gcásanna amhail *Fantask*, *Melki* agus *Abdeli*, *DEB*, *Lesoochranárske zoskupenie VLK*.²²

52. Tá roinnt cinntí le déanaí ón gCúirt inar chosúil go ndéanann sí an dara líne chásdlí sin a fhorbairt. Sna cásanna sin, chuir an Chúirt de cheangal ar na cúirteanna náisiúnta leas a bhaint as lán-acmhainn na rialacha náisiúnta nós imeachta, d’fhonn na cuspóirí arna saothrú leis na forálacha ábhartha den Aontas a bhaint amach, *ach a mhéid amháin* a bhí an cur chuige léirmhínithe sin ag luí le prionsabal na dlíthiúlachta, agus nach raibh aon sárú ar chearta bunúsacha i gceist leis.²³

19 Féach, chuige sin, breithiúnais an 15 Meán Fómhair 1998, *Edis* (C-231/96, EU:C:1998:401, mír 36), agus an 1 Nollaig 1998, *Levez* (C-326/96, EU:C:1998:577, mír 42).

20 Faoi seach, breithiúnais an 9 Márta 1978, *Simmenthal* (106/77, EU:C:1978:49, míreanna 14 go 15); an 9 Samhain 1983, *San Giorgio* (199/82, EU:C:1983:318); an 19 Meitheamh 1990, *Factortame e.a.* (C-213/89, EU:C:1990:257, mír 18); an 16 Nollaig 2008, *Cartesio* (C-210/06, EU:C:2008:723); an 5 Deireadh Fómhair 2010, *Elchinov* (C-173/09, EU:C:2010:581); agus an 11 Samhain 2015, *Klausner Holz Niedersachsen* (C-505/14, EU:C:2015:742).

21 Faoi seach, breithiúnais an 19 Samhain 2009, *Filipiak* (C-314/08, EU:C:2009:719); an 8 Meán Fómhair 2010, *Winner Wetten* (C-409/06, EU:C:2010:503); an 21 Nollaig 2016, *Gutierrez Naranjo e.a.* (C-154/15, C-307/15 agus C-308/15, EU:C:2016:980); agus an 28 Iúil 2016, *Association France Nature Environnement* (C-379/15, ECLI:EU:C:2016:603).

22 Faoi seach, breithiúnais an 2 Nollaig 1997, *Fantask e.a.* (C-188/95, EU:C:1997:580); an 22 Meitheamh 2010, *Melki agus Abdeli* (C-188/10 agus C-189/10, EU:C:2010:363); an 22 Nollaig 2010, *DEB* (C-279/09, EU:C:2010:881); agus an 8 Samhain 2016, *Lesoochranárske zoskupenie VLK* (C-243/15, EU:C:2016:838).

23 Féach, go háirithe, breithiúnais an 5 Nollaig 2017, *M.A.S. agus M.B.* (C-42/17, EU:C:2017:936); an 17 Eanáir 2019, *Dzivev e.a.* (C-310/16, EU:C:2019:30); agus an 19 Nollaig 2019, *Deutsche Umwelthilfe* (C-752/18, EU:C:2019:1114).

53. Tríd is tríd, tá “comhbhréagnú Rewe/Simmenthal”,²⁴ fós go smior sa tástáil neamhspleáchais náisiúnta nós imeachta, agus é tarraingt i dtreonna difriúla a mhéid a bhaineann leis an gceanglas *coibhéise* (nó an cosc ar idirdhealú), ar an taobh amháin, agus an ceanglas *éifeachtachta*, ar an taobh eile. De réir a chéile, áfach, tá teorainneacha inmheánacha ar dhearbhu éifeachtachta gan cháiliú á n-aithint go sainráite, mar thoradh ar phrionsabal na dlíthiúlachta, agus ar chosaint na gceart bunúsach (agus, is dócha, splanc chéille freisin).²⁵

4. An leibhéal struchtúrach: measúnú cás ar chás

54. I mo thuairimse, leanann sé mar chonclúid ó phrionsabail agus ó chásdlí an Aontais thuasluaite nach féidir aon fhreagra *uilechuimsitheach ginearálta* a thabhairt ar an gceist cé acu a chuirtear nó nach gcuirtear bac le dlí an Aontais ar reachtaíocht nó ar chleachtas náisiúnta ar dá réir a bhfuil cumhacht dhiscreideach ag cúirteanna náisiúnta chun a chinneadh cé acu a dhéanfaidh siad faoiseamh a dheonú, agus i gcás ina ndéanann siad é, cén fhoirm ina mbeidh sé, d’iarratasóir a mhaíonn nach ndearna na húdaráis treoir a thrasú i gceart, i gcás ina bhfuil bunús maith leis an gcaingean.

55. Níl ann ach go mbraitheann sé ar an gcás faoi leith. Ní fheicim aon chúis gur chóir go gcuirfí cosc le dlí an Aontais, *mar phrionsabal*, ar reachtaíocht nó ar chleachtas den sórt sin. Tá sé ráite go buanseasmhach ag an gCúirt nach mór gach cás ina n-ardaítear an cheist cé acu atá sé dodhéanta nó ró-dheacair dlí an Aontais a chur i bhfeidhm mar gheall ar fhoráil náisiúnta nós imeachta “a anailísiú i bhfianaise an róil atá ag an bhforáil sin sa nós imeachta, ina sheoladh agus ina shaintréithe, ar bhonn foriomlán, os comhair na n-údarás náisiúnta éagsúla. I bhfianaise na hanailíse sin, ní mór bunphrionsabail an chórais bhreithiúnaigh náisiúnta, amhail cearta na cosanta a chosaint, prionsabal na deimhneachta dlíthiúla agus seoladh cuí an nós imeachta a chur san áireamh, i gcás inarb iomchuí”.²⁶

56. Dá bhrí sin, is éard atá riachtanach, de réir dhlí an Aontais, ná comhghaol réasúnta idir na cearta, an sárú agus cineál agus raon na leigheasanna nó an fhaoisimh atá le deonú, i bhfianaise fhíorais agus imthosca an cháis. Tá gach cás le meas ina chomhthéacs agus a chomhréir féin. Níl an ceanglas sin, i mo thuairimse, teoranta do dhlí an Aontais amháin, tá sé mar chuid dhílis d’aon dlíchóras Eorpach nua-aimseartha. Ní dóigh liom gur chóir éifeachtacht dhlí an Aontais, a bhfuil ardmheas uirthi, a agairt mar bhealach chun filleadh, *de facto*, os comhair cúirt náisiúnta ina bhféadfadh dlí an Aontais a bheith i gceist, ar chur chuige breithiúnach doicheallach dolúbtha, a bheadh, mar iarmhairt, dá bhrí sin, díreireach amach is amach, agus a chuirfeadh i gcuimhne ordú pianbhreitheanna coiriúla i Sasana sa 17ú agus sa 18ú haois déag.

57. Dá réir sin, dealraíonn sé domsa gurb é go díreach le cásdlí na Cúirte gurb amhlaidh go gceanglaítear ar chúirteanna náisiúnta a chur san áireamh, agus a ndiscreíd á feidhmiú maidir leis an bhfaoiseamh agus na leigheasanna arna lorg, gnéithe amhail iad siúd dá dtagraíonn an chúirt a rinne an tarchur: moill gan údar ag tionscnamh na n-imeachtaí, gan leas a bhaint as faoiseamh eile a bheadh níos iomchuí, easpa oscailteachta ó thaobh an iarratasóra de, an t-iarratasóir gan bheith ag feidhmiú de mheon macánta, tionchar díobhálach ar thríú páirtithe, agus i gcás nach mbeadh feidhm úsáideach le faoiseamh a dheonú. Ní shéantar cosaint bhreithiúnach ar iarratasóir, *per se*, i gcás ina gcuirtear na gnéithe sin san áireamh, agus ní fhágtar gan éifeacht cearta substainteacha a bhfuil an t-iarratasóir ag lorg cosaint ina leith.

24 Féach, go háirithe, Prechal, S., “Community Law in National Court: The Lessons from Van Schijndel” *Common Market Law Review* Iml. 35, 1998, lch. 687.

25 Is féidir go gcuirtear “riail an réasúin”, “comhréireacht”, nó “cothromaíocht réasúnta” fiú atá le baint amach idir na leasanna atá i gceist – féach, cheana féin, Tuairim an Abhcóide Ghinearálta Jacobs i gCásanna Uamtha *van Schijndel agus van Veen* (C-430/93 agus C-431/93, EU:C:1995:185, mír 31), agus Tuairim an Abhcóide Ghinearálta Jacobs in *Peterbroeck* (C-312/93, EU:C:1994:184, mír 40).

26 Féach, go háirithe, breithiúnais an 14 Nollaig 1995, *van Schijndel agus van Veen* (C-430/93 agus C-431/93, EU:C:1995:441, mír 19), agus an 14 Nollaig 1995, *Peterbroeck* (C-312/93, EU:C:1995:437, mír 14). I gcomhair cás níos déanaí, féach breithiúnas an 2 Aibreán 2020, *CRPNPAC agus Vueling Airlines* (C-370/17 agus C-37/18, EU:C:2020:260, mír 93).

58. A mhalairt sin, trí na gnéithe thuasluaite a chur san áireamh, ní dhéanann an chúirt náisiúnta ach a feidhm bhreithiúnach a chur i gcrích, is é sin, teacht ar an réiteach is iomchuí i ngach díospóid ag féachaint don chomhthéacs sonrach agus do na himthosca ábhartha go léir. Arís, ní féidir na prionsabail maidir le héifeachtacht dhlí an Aontais agus i ndáil le cosaint bhreithiúnach éifeachtach a léirmhíniú sa chaoi go bhforchuirtear aon uathoibríocht (gan chiall) ar na cúirteanna náisiúnta.

59. Ó tharla go mbaineann an discríd atá ag na cúirteanna náisiúnta ní hamháin le *foirm* an fhaoisimh atá le deonú, ach freisin le cé acu an fiú *aon fhaoiseamh a dheonú ar chor ar bith*, is fíor go bhféadfadh sé sin a thabhairt le fios, ar a laghad i gcásanna áirithe, go bhfuil aon chineál cosanta breithiúnaí á shéanadh ar an duine aonair agus nach ndéanfaí éifeachtacht rialacha ábhartha an Aontais a áirithiú.

60. Mar sin féin, i mo thuairimse, ní bheadh an chonclúid sin réasúnta. Ar feadh m'eolais, tá prionsabail nó sásraí nós imeachta i ngach dlíchóras atá ceaptha chun cásanna a chosc ina mbeadh cur i bhfeidhm dall uathoibríoch na rialacha ina chúis le toradh éagórach nó díréireach nó le toradh nach mbeadh aon fheidhm úsáideach leis. Ina leith sin, tagann chun cuimhne, mar shampla, rialacha a bhaineann le riar cuí an cheartais agus barainneacht bhreithiúnach, nó rialacha i gcoinne mí-úsáid ceart nó próise, agus dlíthíocht shuaibhreasach nó dlíthíocht chráiteach. Dá réir sin, ní rud neamhdhleathach ann féin, i gcásanna fíor-eisceachtúla (agus leagaim béim air go bhfuil siad fíor-eisceachtúil) nach bhfaigheadh an t-iarratasóir an cineál faoisimh a bhí á lorg aige, d'ainneoin go raibh sé ag gníomhú go foirmiúil de réir a gceart agus go bhfuil bunús maith lena éilimh. Meabhraím arís go mbraitheann an cheist cé acu a d'fhéadfadh bonn cirt a bheith leis an toradh sin ar imthosca agus ar chomhthéacs gach cáis faoi leith.

61. Dá bhrí sin, bainim de thatal as an méid sin gur gnách go mbíonn measúnú i dtaobh cé acu atá nó nach bhfuil reachtaíocht nó cleachtas náisiúnta nós imeachta, amhail an ceann atá i dtrácht, ag luí le dlí an Aontais – bíodh sé faoin gcoinníoll éifeachtachta (dírithe níos mó ar struchtúr) mar chuid de phrionsabal an neamhspleáchais ó thaobh nósanna imeachta de, nó faoi phrionsabal na cosanta breithiúnaí éifeachtaí (dírithe níos mó ar chearta an duine) – le déanamh ar bhonn cás ar chás. Is é an rud is tábhachtaí, de réir mo dhearcadh, ná, i ngach cás, gur cheart go ligfí don chúirt náisiúnta teacht ar choibhneas réasúnta (nó comhréireach) idir cineál agus tábhacht an chirt arna agairt; tromchúise an tsáraithe nó tábhacht na díobhála arna déanamh agus an cineál leighis nó faoisimh arna lorg. Ní mór an méid sin go léir a thomhas agus a mheas sa chomhthéacs fíorasach agus dlíthiúil atá i gceist.

62. I bhfianaise an mhéid sin thuas, is é mo thuairim gur chóir don Chúirt freagra a thabhairt don chúirt a rinne an tarchur nach gcuirtear bac le dlí an Aontais, agus go háirithe le prionsabal an neamhspleáchais ó thaobh nósanna imeachta de agus le prionsabal na cosanta breithiúnaí éifeachtaí, agus gur cinnte nach gcuirtear bac *per se*, ar reachtaíocht nó ar chleachtas náisiúnta ar dá réir a bhfuil cumhacht dhiscreideach ag cúirteanna náisiúnta chun a chinneadh cé acu a dhéanfaidh siad faoiseamh a dheonú, agus i gcás ina ndéanfaí siad é, cén fhoirm ina mbeidh sé, d'iarratasóir a mhaíonn nach ndearna na húdaráis treoir a thrasú i gceart, i gcás ina bhfuil bunús maith leis an gcaingean. Is faoin gcúirt a rinne an tarchur atá sé a áirithiú, i bhfíorais agus i gcomhthéacs gach cáis aonair faoina bráid, go bhfuil coibhneas réasúnta idir cineál na gceart arna n-agairt, tromchúise an tsáraithe nó na díobhála arna fulaingt, agus an cineál leighis arna lorg, agus, mar iarmhairt air sin, an cineál faoisimh a chinneann sí a dheonú (nó, de réir mar a bheidh, gan a dheonú), i bhfabhar an iarratasóra.

63. Ciallaíonn sé sin, sa díospóid atá i dtrácht sna príomhimeachtaí, go bhfuil measúnú le déanamh, measúnú ar léir gurb í an chúirt a rinne an tarchur is fearr chun é a dhéanamh. D'fhonn treoir úsáideach a thabhairt don chúirt sin, luafaidh mé anois roinnt breithnithe breise, agus gnéithe áirithe sonracha den chás idir lámha á gcur san áireamh.

5. *Comhthéacs an cháis idir lámha: cearta, sárú, leigheasanna*

64. Sna príomhimeachtaí, beidh ar an gcúirt a rinne an tarchur a chinneadh, go bunúsach, cé acu a thabharfaí toradh cóir comhréireach ó thaobh chosaint na gceart arna n-agairt ag an iarratasóir leis (aon cheann, cuid de, nó gach ceann de) na trí chineál faoisimh arna lorg ag an iarratasóir.

65. Ar ndóigh, déantar an toimhde leis sin go bhfuil éifeacht dhíreach ag na forálacha den Aontas atá i dtrácht. Maidir le struchtúr an ghaoil sin, is fíor gur údaráis phoiblí iad na freagróirí agus, de réir cásdlí socair, is féidir le daoine aonair forálacha treorach a agairt i gcoinne údaráis den sórt sin i gcás inar mhainnigh an Stát iad a thrasú faoi dheireadh na tréimhse arna forchur.²⁷

66. Mar sin féin, is ceist eile é cé acu atá nó nach bhfuil éifeacht dhíreach ag an fhoráil nó na forálacha dlí den Aontas atá i dtrácht, agus cén t-inneachar go baileach atá sa rial a bhfuil éifeacht dhíreach aici. De réir cásdlí socair, bíonn éifeacht dhíreach ag foráil dlí an Aontais in aon chás ina bhfuil sí sách soiléir, beacht agus neamhchoinníollach, ó thaobh a hábhair de, chun gur féidir í a agairt i gcoinne foráil den dlí náisiúnta atá contrártha léi, nó a mhéid a leagtar síos cearta san fhoráil ar féidir le daoine aonair iad a dhearbhu i gcoinne an Stáit.²⁸

67. Sa chás seo, dealraíonn sé go bhfuil an cheist réitithe cheana ag céim luath ag an gcúirt a rinne an tarchur, trína chinneadh, mar a d'áitigh an t-iarratasóir, go bhfuil na forálacha den Aontas atá i dtrácht sách soiléir, beacht agus neamhchoinníollach chun go mbeidh éifeacht dhíreach i gceist. Níor iarr an chúirt a rinne an tarchur ar an gCúirt seo an cheist sin a scrúdú agus tugaim aird ar an gcinneadh sin, in ainneoin gur ardaigh agus gur chuir Éire an tsaincheist sin chun cinn chun críche inghlacthachta.²⁹ Mar sin féin, is mian liom dhá ghné a lua.

68. Ar an gcéad dul síos, is éard atá i gceist leis an rial a bheith beacht, mar choinníoll don éifeacht dhíreach, ná gurb amhlaidh go bhfuil inneachar na hoibleagáide arna forchur ar an mBallstát soiléir. Ní gá do raon feidhme rialach a bhfuil éifeacht dhíreach aici a bheith ag teacht le téacs na forála dlí ina iomláine. Mar sin, is cinnte gur féidir a bhaint as foráil níos leithne riail neamhspleách níos cúinge lena léirítear oibleagáid íosta arna forchur ar Bhallstát. Ní mór don rial sin a bheith soiléir beacht ina raon feidhme agus a hinneachar, áfach.³⁰

69. Ar an dara dul síos, agus anailís den sórt sin á déanamh i dtaca le riail arna cumhdach i dtreoir, is fiú a thabhairt faoi deara gurb iad rogha agus neamhspleáchas an Bhallstáit an gnáthsheasamh bunreachtúil maidir le treoir a thrasú, ar an gcoinníoll, ar ndóigh, nach gcuirtear cosc leis an treoir ar an rogha sin. I gcodarsnacht leis sin, má tá aon rogha agus discríd den sórt sin le deonú le rialachán, ní mór an méid sin a bheith sonraithe go sainráite i dtéacs an rialacháin. D'fhéadfadh an fíoras sin a bheith ábhartha go háirithe agus raon feidhme oibleagáide á mheas i ndiaidh athrú ar an gcineál foinse de dhlí an Aontais lena rialaítear réimse, go háirithe, mar a bhí i gcás roinnt réimsí de dhlí an Aontais le déanaí,³¹ ina bhfuil gníomh reachtach i réimse faoi leith athraithe ó threoir go rialachán.

27 Féach, chuige sin, mar shampla, breithiúnas an 24 Eanáir 2012, *Dominguez* (C-282/10, EU:C:2012:33, mír 33 agus an cásdlí dá dtagraítear).

28 Féach, i measc go leor eile, breithiúnais an 19 Eanáir 1982, *Becker* (8/81, EU:C:1982:7, mír 25), agus an 15 Aibreán 2008, *Impact* (C-268/06, EU:C:2008:223, míreanna 56 go 57).

29 Féach thuas, míreanna 22 agus 23 den Tuairim seo.

30 I gcomhair tuilleadh mionsonraí agus tagairtí, féach freisin mo Thuairim in *Klohn* (C-167/17, EU:C:2018:387, míreanna 36 go 46).

31 Féach, i gcomhair sampla le déanaí, mo Thuairim in *Fashion ID* (C-40/17, EU:C:2018:1039, míreanna 45 go 48).

70. Bíodh sin mar atá, tá gné eile ann ar fiú í a bhreithniú. Tá cineál an chirt atá faoi thrácht ar cheann de na gnéithe a chuirtear san áireamh de ghnáth³² chun an leigheas iomchuí nach mór a áirithiú don duine aonair lena mbaineann a chinneadh. Go deimhin, meastar cineál agus tábhacht an chirt atá i gceist ag an gcéim ionchuir den mheasúnú foriomlán atá le cur san áireamh ag cúirt náisiúnta.³³ Creidim gur gné í sin ar fiú aird áirithe a thabhairt uirthi sa chás seo, agus pléifidh mé an méid sin anois.

(a) *Cad iad na cearta? Cearta teanga i ndlí an Aontais*

71. I dtús báire, is ar éigean atá aon amhras ach go bhfuil ardmheas ar éagsúlacht teanga san Aontas Eorpach. De réir Airteagal 3 CAE, ní mór don Aontas “saibhreas a éagsúlachta cultúrtha agus teanga [a urramú]” agus “[a áirithiú] go ndéanfar oidhreacht chultúrtha na hEorpa a chaomhnú agus a fheabhsú”. Chuige sin, ní mór don Aontas, de bhun Airteagal 165(2) CFAE, teagasc agus leathadh teangacha na mBallstát a chur chun cinn.

72. Tá urramú ar éagsúlacht teanga cumhdaithe in Airteagal 22 den Chairt freisin. Ina theannta sin, toirmisctear le hAirteagal 21 den Chairt aon idirdhealú bunaithe, *inter alia*, ar fhoras teanga.

73. Anuas air sin, is prionsabal bunúsach d’fheidhmiú an Aontais Eorpaigh é an t-ilteangachas, a bhfuil glacadh Rialachán Uimh. 1 in 1958 mar fhianaise luath air.³⁴

74. Cé gur fíor go bhfuil na prionsabail agus a luach ríthábhachtach, aithnítear freisin, áfach, go mbíonn roghanna le déanamh mar chuid de bheartas teanga, roghanna a bhíonn íogair ó thaobh cúrsaí polaitíochta agus sóisialta de, scaití. Dá bhrí sin, tá cur chuige sách faichilleach dioplómaitiúil pragmatach glactha ag reachtas an Aontais agus ag Cúirteanna an Aontais araon i dtaca le teangacha, ar leibhéal an Aontais, agus i gcás inar dócha go mbeidh iarmhairtí ag an leibhéal sin ar leibhéal na mBallstát.

75. Ar leibhéal fheidhmiú inmheánach an Aontais, ní raibh an córas ró-dhocht riamh. Ar an gcéad dul síos, fiú i dtaca le teangacha oifigiúla an Aontais, rinneadh eisceachtaí le déanaí, i dtaca leis an nGaeilge³⁵ nó leis an Máltais³⁶ go háirithe. Níos tábhachtaí chun críoch an cháis seo, tá an dearcadh nach mór comhionannas absalóideach a bheith idir na teangacha oifigiúla go léir, de réir dhlí an Aontais diúltaithe go buanseasmhach ag an gCúirt.³⁷ Ní chiallaíonn an seanrá maidir le comhúdarás

32 Féach, de réir analaí, breithiúnas na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine (“ECtHR”), an 20 Márta 2008, *Budayeva e.a. v. An Rúis* (CE:ECHR:2008:0320JUD001533902, § 191).

33 Féach thuas, míreanna 54 agus 62 den Tuairim seo.

34 Comhairle CEE: Rialachán Uimh. 1 lena gcinntear na teangacha a úsáidfídh Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa (IO 1958 17, lch. 385), mar a leasaíodh ina dhiaidh sin.

35 Féach Airteagal 2 de Rialachán (CE) Uimh. 920/2005 ón gComhairle lena leasaítear Rialachán Uimh. 1 an 15 Aibreán 1958 lena gcinntear an teanga a úsáidfídh Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Rialachán Uimh. 1 an 15 Aibreán 1958 lena gcinntear an teanga a úsáidfídh an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus lena dtugtar isteach bearta sealadacha maolaithe ó na Rialacháin sin (IO 2005, L 156, lch. 3), a cuireadh síneadh eile níos déanaí leis le Rialachán (AE) Uimh. 1257/2010 ón gComhairle lena gcuirtear síneadh leis na bearta sealadacha maolaithe ó Rialachán Uimh. 1 an 15 Aibreán 1958 lena gcinntear na teangacha a úsáidfídh Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Rialachán Uimh. 1 an 15 Aibreán 1958 lena gcinntear na teangacha a úsáidfídh an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach arna thabhairt isteach le Rialachán (CE) Uimh. 920/2005 (IO 2010, L 343, lch. 5). Go ginearálta, féach an Tuarascáil ón gCoimisiún chuig an gComhairle faoin dul chun cinn atá déanta ag institiúidí an Aontais Eorpaigh maidir le maolú na Gaeilge a laghdú de réir a chéile COM(2019) 318 final.

36 Rialachán (CE) Uimh. 930/2004 ón gComhairle an 1 Bealtaine 2004 maidir le bearta sealadacha maolaithe i dtaca le gníomhartha institiúidí an Aontais Eorpaigh a dhréachtú i Máltais (IO 2004, L 169, lch. 1).

37 Féach, chuige sin, breithiúnais an 9 Meán Fómhair 2003, *Kik v OHIM* (C-361/01 P, EU:C:2003:434), míreanna 82 go 94); an 12 Bealtaine 2011, *Polska Telefonia Cyfrowa* (C-410/09, EU:C:2011:294, mír 38); agus an 26 Márta 2019, *An Coimisiún v An Iodáil* (C-621/16 P, EU:C:2019:251, míreanna 89 go 97). Féach freisin, go ginearálta, mo Thuairim in *An Coimisiún v An Iodáil* (C-621/16 P, EU:C:2018:611, míreanna 153 go 179).

na leaganacha teanga go léir ná prionsabal an neamh-idirdhealaithe idir teangacha oifigiúla an Aontais “nach mór caitheamh go cothrom leis na teangacha oifigiúla go léir chun na gcríoch uile”.³⁸ Dá bhrí sin, tá córais éagsúlaithe incheadaithe ar leibhéal an Aontais, ar an gcoinníoll go bhfuil cúiseanna leordhóthanacha chuige sin.

76. Ina theannta sin, aon uair a iarrtar orthu cearta teanga a leanann ó dhlí an Aontais a aithint agus a urramú, tá a ndícheall déanta ag Cúirteanna an Aontais chun a áirithiú go dtugtar cosaint do na daoine aonair lena mbaineann,³⁹ ach go bhfághtar saoirse éigin faoi na húdaráis inniúla (AE nó náisiúnta).

77. Mar shampla, in *Skoma-Lux*, chinn an Chúirt nach bhféadfaí Rialachán ón gComhphobal (mar a bhí) nár foilsíodh i dteanga oifigiúil an Bhallstáit a fhorfheidhmiú i gcoinne duine aonair ina chónaí sa Stát sin.⁴⁰ Staon an Chúirt ó aon iarmhairt níos suntasaí a bhaint as an easpa foilsithe, áfach, i dtaca le bailíocht nó infheidhmeacht an ghnímh. Dá bhrí sin, is amhlaidh go raibh dlí an Aontais nár foilsíodh i dteanga (aonair) an Bhallstáit sin fós ina dhlí bailí den Bhallstát sin. Níl ann ach nach bhféadfaí aon oibleagáidí a fhorchur ar dhaoine aonair ar bhonn an dlí sin.⁴¹

78. Is dócha go bhfuil an treocht sin níos follasaí fós i gcás ina bhfuil an Chúirt ag plé le bearta náisiúnta lena léirítear roghanna beartais náisiúnta. Níor cheart neamhaird a dhéanamh, ina thaobh sin, ar an bhfóras go mbaineann beartas teanga ar an leibhéal náisiúnta, den chuid is mó, le hinniúlachtaí na mBallstát. Go deimhin, de bhun Airteagal 6 CFAE, níl sé d’inniúlacht ag an Aontas ach gníomhaíochtaí a chur i gcrích chun tacú le gníomhaíochtaí na mBallstát agus chun iad a chomhordú nó a fhorlíonadh i réimse an chultúir agus an oideachais. Sa deireadh thiar, ní fhéadfaidh beartas teanga gan stair, cultúr, traidisiúin agus sochaí gach tíre a léiriú.

79. Dá bhrí sin, bhí drogall ar Chúirteanna an Aontais ró-idirghabháil a dhéanamh i roghanna náisiúnta nó oibleagáidí forleathana a fhorchur ar Bhallstáit. Mar shampla, in *UTECA*, chinn an Chúirt go raibh reachtaíocht náisiúnta lenar cuireadh de cheangal ar chraoltóirí teilifíse cionroinnt shonrach dá n-ioncam a chur i leataobh do réamh-mhaoiniú scannán cineamatagrafach agus teilifíse Eorpach inarbh í ceann de theangacha oifigiúla an Bhallstáit a bhí i gceist an bunteanga i gcomhréir le dlí an Aontais.⁴² In *Runevič-Vardyn*, rialaigh an Chúirt nár cuireadh bac le dlí an Aontais ar na húdaráis náisiúnta a dhiúltú d’ainmneacha agus sloinnnte na bpáirtithe leasmhara mar a shonraítear iad ar na deimhnithe breithe agus pósta a leasú ar an bhforas gur foráladh faoin dlí náisiúnta nach mór ainmneacha agus sloinnnte daoine nádúrtha a iontráil sna doiciméid sin i gcomhréir leis na rialacha lena rialaítear litriú na teanga oifigiúla náisiúnta.⁴³ Ar bhonn níos ginearálta, tá sé dearbhaithe go buanseasmhach ag an gCúirt go bhféadfadh cosaint agus cur chun cinn teanga oifigiúil amháin nó níos mó de chuid Ballstáit a bheith mar údar cuí le maolú ó na rialacha maidir le saorghluaiseacht, agus dhearbhaigh sí nach mbeadh bearta náisiúnta arna nglacadh chun na críche sin ar neamhréir le dlí an Aontais ach amháin i gcás inar cinneadh go raibh siad díréireach i dtaca leis an aidhm sin.⁴⁴

38 Tógaim an nath seo ó Thuairim an Abhcóide Ghinearálta Jacobs in *Kik v OHIM* (C-361/01 P, EU:C:2003:175, mír 50).

39 Tugtar samplaí maithe den mhéid sin leis na breithiúnais an 28 Samhain 1989, *Groener* (C-379/87, EU:C:1989:599); an 24 Samhain 1998, *Bickel agus Franz* (C-274/96, EU:C:1998:563); an 6 Meitheamh 2000, *Angonese* (C-281/98, EU:C:2000:296); agus an 27 Márta 2014, *Ruffer* (C-322/13, EU:C:2014:189).

40 Breithiúnas an 11 Nollaig 2007, (C-161/06, EU:C:2007:773). Tugtar sampla eile den mhéid sin leis an mbreithiúnas an 20 Bealtaine 2003, *Consorzio del Prosciutto di Parma agus Salumificio S. Rita* (C-108/01, EU:C:2003:296).

41 Ina theannta sin, féach freisin breithiúnas an 10 Márta 2009, *Heinrich*, (C-345/06, EU:C:2009:140). Féach, áfach, (ní i gcomhthéacs mainneachtain chun reachtaíocht a aistriú agus a fhoilsiú in am i ndiaidh mhéadú an Aontais, ach i gcás ina raibh reachtaíocht le coimeád faoi rún go deo d’aon turas) Tuairim an Abhcóide Ghinearálta Sharpston in *Heinrich* (C-345/06, EU:C:2008:212), atá i bhfad níos áitithí.

42 Breithiúnas an 5 Márta 2009 (C-222/07, EU:C:2009:124).

43 Breithiúnas an 12 Bealtaine 2011 (C-391/09, EU:C:2011:291).

44 Féach, mar shampla, breithiúnais an 16 Aibreán 2013, *Las* (C-202/11, EU:C:2013:239), agus an 21 Meitheamh 2016, *New Valmar* (C-15/15, EU:C:2016:464).

80. Bainim dhá phointe de thátal as na samplaí sa chásdlí arna leagan amach thuas. Ar an gcéad dul síos, cé nach bhfuil aon amhras go bhfuil cearta teanga rithábhachtach san Aontas, agus gur cinnte go bhfuil daoine aonair i dteideal cosaint i gcoinne aon sárú ar na cearta sin, ní leanann aon iarmhairtí uathoibríocha as a sárú féideartha. Ina leith sin, go ginearálta, tá cur chuige cothrom caolchúiseach glactha ag Cúirteanna an Aontais, ina bhfuil breithniú cuí déanta ar imthosca sonracha gach cáis, agus ina ndéantar iad a chur sa mheá, d'fhonn toradh cothrom (nach gcruthaíonn deacrachtaí) a bhaint amach.

81. Ar an dara dul síos, glacadh leis an gcur chuige sin ní hamháin i dtaca le húsáid teangacha maidir le rialacha a bhaineann le hearnálacha nó réimsí áirithe (amhail na samplaí thuasluaite ón gcásdlí maidir le saoirse gluaiseachta), ach i dtaca le roghanna bunreachtúla chomh maith. Dá bhrí sin, i bhfocail eile, fiú má tá méid suntasach solúbthachta léirithe sna cásanna struchtúracha nó bunreachtúla agus easpa aon réiteach uathoibríoch ó thaobh torthaí de, ba dhíol suntais é a dhearbhu go n-eascraíonn ceart teanga absalóideach ó rialacha dlí tánaisteacha leithleacha i réimse sonracha rialála leis sin féin.

82. I bhfianaise an chúlra sin, díreoidh mé anois ar ghnéithe eile den chás faoi bhráid na cúirte a rinne an tarchur. Go meafarach: má tá sárú féideartha ar cheart teanga amhail an ceart a eascraíonn ó na forálacha den Aontas atá i dtrácht, ar thaobh amháin den scála, cén cineál leigheasanna ar cheart don chúirt náisiúnta a chur ar an taobh eile den scála chun teacht ar réiteach cothrom sna príomhimeachtaí?

(b) Cén cineál faoisimh?

83. I dtús báire, ní mór dom a shonrú nach mbaineann an cás seo leis na coinníollacha faoina gceanglaítear le dlí an Aontais ar an dlí náisiúnta leigheasanna nua a chruthú chun bearna dhlíthiúil sa chosaint bhreithiúnach a líonadh⁴⁵ murab ionann agus an méid a d'áitigh Rialtas na Polainne.⁴⁶ Ní bhaineann an cás seo ach leis an gcaoi ina bhfuil na leigheasanna atá ar fáil cheana i ndlíchóras Ballstáit le húsáid nuair a bhaineann an cás os comhair na cúirte náisiúnta le cearta atá bunaithe ar dhlí an Aontais. Dá bhrí sin, ní gá a phlé cé acu agus cathain a fhéadfar nó nach bhféadfar oibleagáid a fhorchur ar Bhallstát, de bhun dhlí an Aontais, leigheas breithiúnach a bhunú lena gcuirtear ar chumas do na cúirteanna náisiúnta cinntí a ghlacadh – amhail urghaire nó ordú feidhmiúcháin láithreach – lena gcuirtear iallach ar na húdaráis inniúla (reachtacha nó riaracháin) an dlí náisiúnta a leasú gan tuilleadh moille.

84. Is ceist de chineál eile í an cheist a d'ardaigh an chúirt a rinne an tarchur. Shonraigh an chúirt sin go bhfuil sraith rialacha faoin dlí náisiúnta lena bhforáiltear do leigheas sa chás sonracha. Fiafraíonn sí, áfach, cé acu an bhféadfaí an tsraith rialacha sin a úsáid agus a chur i bhfeidhm ar an gcaoi cheannann chéanna dá mba rud é nach raibh éilimh an iarratasóra bunaithe ar an dlí náisiúnta, ach ar dhlí an Aontais. Chuir an chúirt a rinne an tarchur amhras in iúl i dtaobh cé acu atá sraith rialacha le cur i leataobh “in ainm” fhorfheidhmiú éifeachtach dhlí an Aontais nó na cosanta dlíthiúla éifeachtaí do dhaoine aonair.

85. É sin ráite, is ar éigean is gá a lua nach féidir leis an gcúirt a rinne an tarchur, sna príomhimeachtaí, sásamh iomlán láithreach do chearta substainteacha an iarratasóra a áirithiú tríd an bpróiseas lena ndíulthaítear do chur i bhfeidhm an dlí náisiúnta agus lena ndéantar dlí an Aontais a chur i bhfeidhm go díreach. Ní fhéadfaidh an chúirt a rinne an tarchur a ordú do na cuideachtaí cógaisíochta an oibleagáid a leanann ó Airteagail 58(4), 59(3) agus 61(1) de Threoir 2001/82 a chomhlíonadh. Níl na cuideachtaí sin ina gcosantóirí sna himeachtaí sin.

⁴⁵ Ar an ábhar sin, féach breithiúnais an 19 Meitheamh 1990, *Factortame e.a.* (C-213/89, EU:C:1990:257); agus an 13 Márta 2007, *Unibet* (C-432/05, EU:C:2007:163); agus an 3 Deireadh Fómhair 2013, *Inuit Tapiriit Kanatami* (C-583/11 P, míreanna 103 go 104).

⁴⁶ Féach thuas, mír 24 den Tuairim seo.

86. Ina theannta sin, tá fíorbheag seans go n-éireodh le haon chaingean den sórt sin arna tionscnamh ina gcoinne ós rud é go bhfuil sé curtha as an áireamh go buanseasmhach ag an gCúirt go bhféadfadh éifeacht dhíreach *chothrománach* a bheith ag treoracha nach bhfuil trasuite agus, sa cháil sin, go bhféadfaí iad a agairt i gcoinne daoine aonair.⁴⁷ Ina theannta sin, níos déanaí in *Popławski*, d'athdhearbhaigh an Chúirt, “fiú i gcás foráil shoiléir bheacht agus neamhchoinníollach de threoir, ní ligtear do chúirt náisiúnta a dhiúltú d'fhoráil den dlí náisiúnta atá ar neamhréir leis a chur i bhfeidhm, más amhlaidh go bhforchuirfí oibleagáid bhreise ar dhuine aonair leis sin.”⁴⁸

87. Dá bhrí sin, is gá go mbeadh aon chineál cosanta do cheart an iarratasóra sna príomhimeachtaí indíreach agus go gcuirfí siar é san am. Iarrann an t-iarratasóir dearbhú go bhfuil an dlí náisiúnta atá i dtrácht ar neamhréir le forálacha Threoir 2001/82 agus gur chóir do na húdaráis náisiúnta inniúla é a leasú dá bhrí sin. Tuigim gurbh ag an gcéim sin amháin, agus mar iarmhairt ar an athrú a thiocfadh ar na rialacha náisiúnta, a d'fhéadfaí go gcuirfí d'oibleagáid ar na cuideachtaí cógaisíochta na rialacha nua a chomhlíonadh sa todhchaí.

88. I bhfianaise an mhéid sin thuas, cad iad na leigheasanna agus, go sonrach, cén cineál faoisimh ba chóir don chúirt náisiúnta a thabhairt?

89. Ar thaobh amháin, ar na cúiseanna a leagtar amach i míreanna 71 go 82 den Tuairim seo, is dócha nach bhfuil cineál agus tromchúise an tsáraithe líomhnaithe agus iarmhairtí an tsáraithe sin de chineál a mbeadh faoiseamh i bhfoirm éigin dhanartha ag dul leo. Dá réir sin, is cinnte go bhféadfaidh an chúirt a rinne an tarchur teacht ar an gconclúid go mbeadh sé díreireach na trí chineál faoisimh go léir arna lorg ag an iarratasóir a dheonú ag an am céanna. Go háirithe, d'fhéadfadh an iarraidh ón iarratasóir ar an gcúirt a rinne an tarchur a dhearbhu *nach mór* d'údarais na hÉireann an dlí náisiúnta a leasú chun trasuí ceart na bhforálacha i dTeideal V de Threoir 2001/82 a áirithiú, b'fhéidir, i bhfianaise an phrionsabail maidir le scaradh na gcumhachtaí freisin,⁴⁹ dul níos faide ná mar is gá chun cosaint do cheart an iarratasóra a áirithiú.

90. Ar an taobh eile, áfach, más amhlaidh go bhfuil bunús le héilimh an iarratasóra, ar faoin gcúirt a rinne an tarchur atá sé, mar sin féin, a chinneadh, ní léir dom cén chaoi a bhféadfaí a mheas go mbeadh toradh na n-imeachtaí cóir comhréireach, dá bhfágfadh sé an chúirt agus a dhá lámh chomh fada le chéile.

91. Ní mór é a bheith mar thoradh riachtanach ar an gceart chun leigheas éifeachtach a fháil go bhfuil an chúirt inniúil, i bprionsabal, le déileáil le substaint an ghearáin ábhartha agus faoiseamh cuí a dheonú,⁵⁰ agus go ndéanfaí an faoiseamh sin a fhorfheidhmiú go cuí.⁵¹ Bhainfí an bhrí ar fad den cheart chun breithimh dá séanfaí aon chineál sásaimh ar an bpáirtí ar éirigh leis mar fhreagra ar shárú ar a chearta, in éagmais, ar ndóigh, aon chúinse eisceachtúil lena dtabharfaí údar leis sin.

92. An bhfuil aon imthosca eisceachtúla den sórt sin sa chás seo?

93. Sa chás idir lámha, tá dhá phríomhchúis luaite ag údarais na hÉireann i gcoinne aon fhaoiseamh a dheonú. Baineann an chéad cheann le riar cuí an cheartais agus le barainneacht bhreithiúnach: ní bheadh aon fheidhm úsáideach le faoiseamh a dheonú ó tharla go dtuigeann an t-iarratasóir an fhaisnéis i mBéarla. Ina theannta sin, is gairid go dtiocfaidh riail nua de dhlí an Aontais i bhfeidhm

47 Féach, *inter alia*, breithiúnais an 2 Feabhra 1986, *Marshall* (152/84, EU:C:1986:84, mír 48); an 14 Iúil 1994, *Faccini Dori* (C-91/92, EU:C:1994:292); agus an 22 Eanáir 2019, *Cresco Investigation* (C-193/17, EU:C:2019:43, mír 72).

48 Breithiúnas an 24 Meitheamh 2019 (C-573/17, EU:C:2019:530, mír 67).

49 Prionsabal a mheas an Chúirt a bheith ag leanúint ó phrionsabal an smachta reachta: féach, chuige sin, breithiúnais an 10 Samhain 2016, *Poltorak* (C-452/16 PPU, EU:C:2016:858, mír 35), agus an 19 Samhain 2019, *A. K. e.a. (Neamhspleáchas Dlísheomra Araíonachta na Cúirte Uachtaraí)* (C-585/18, C-624/18 agus C-625/18, EU:C:2019:982, mír 124).

50 Féach, chuige sin, ECtHR, 30 Deireadh Fómhair 1991, *Vilvarajah e.a. v. An Ríocht Aontaithe*, (CE:ECHR:1991:1030)JUD001316387, § 122).

51 Féach, i gcomhair athbhreithniú ar chásdlí ábhartha ECtHR, mo Thuairim in *Torubarov* (C-556/17, EU:C:2019:339, míreanna 60 go 62).

atá i gcomhréir le forálacha reatha an dlí náisiúnta. Baineann an dara ceann le dochar féideartha do thríú páirtithe: an riosca go bhféadfadh táirgeoirí agus dáileoirí táirgí íocshláinte tréidliachta margadh na hÉireann a fhágáil go sealadach chun costais bhreise a sheachaint, agus go ndéanfaí dochar do shláinte ainmhithe dá bharr.

94. I bprionsabal, aontaím le hÉirinn gur leasanna ar fiú iad a chosaint iad riar cuí an cheartais agus barainneacht bhreithiúnach,⁵² agus/nó an gá le riosca de ghanntanais i dtáirgí íocshláinte tréidliachta a chosc,⁵³ iontu féin, agus go ginearálta. Sa cháil sin, féadfaidh an chúirt náisiúnta iad a chur san áireamh, dá bhrí sin, agus a discréd á feidhmiú. Is faoin gcúirt a rinne an tarchur atá sé, áfach, a fhíorú cé acu, *sna himthosca faoi thrácht*, a bheadh úsáid iarbhír dhiscreíd na cúirte a rinne an tarchur chun aon fhaoiseamh ar chor ar bith a dhiúltú ag rannchuidiú go fiúntach le cosaint na leasanna sin agus, in aon chás, nach rachadh sé sin níos faide ná mar is gá chuige sin.

95. Ós rud é, ar an dáta seo, go bhfuil níos mó ná bliain fágtha go fóill roimh theacht i bhfeidhm an rialacháin nua de chuid an Aontais, is deacair a mheas gur tréimhse ama í sin nach fiú a áireamh ar chor ar bith. D'fhéadfaí a mheabhrú arís nach mór a lánéifeachtaí a bheith ag forálacha an Aontais “ón uair a thagann siad i bhfeidhm agus *fad a choimeádtar i bhfeidhm iad*”.⁵⁴ B'fhéidir go bhfuil sé fíor go dtuigeann an t-iarratasóir an fhaisnéis i mBéarla. D'fhéadfaí é sin a chur san áireamh mar ghné a thugann le fios go bhfuil an sárú de chineál nach bhfuil chomh tromchúiseach sin agus nach bhfuil an phráinn chéanna le sásamh éigin a fháil. Os a choinne sin, tá amhras níos mó orm go bhféadfaí an ghné sin a mheas mar (an t-aon) bhunús chun údar a thabhairt do dhiúltú d'aon chineál cosanta dá chearta a dheonú, i gcás nach mbaineann aon cheist leis an ngné sin ó thaobh sheasamh an iarratasóra agus go bhfuil tuillteanas an cháis á mheas anois.

96. Ina theannta sin, maidir leis na hiarmhairtí diúltacha líomhnaithe do na tríú páirtithe agus don Stát, ní iarmhairtí iad a bheidh ann láithreach ná a leanfadh go huathoibríoch ó aon chinneadh arna ghlacadh ag an gcúirt a rinne an tarchur i gcomhthéacs na n-imeachtaí seo. De bhun phrionsabal fhorlámhas dhlí an Aontais, tá aon choinbhleacht idir foráil den dlí náisiúnta agus foráil de dhlí an Aontais atá infheidhme go díreach le réiteach ag an gcúirt náisiúnta tríd an dara foráil a chur i bhfeidhm, agus trína dhiúltú don fhoráil náisiúnta chontrártha a chur i bhfeidhm, más gá. Ach is ráiteas é sin ón gCúirt, a rinneadh agus a athdhearbhaíodh⁵⁵ i gcomhthéacs imeachtaí breithiúnacha, ar imeachtaí *inter partes* iad, a mbíonn a dtoradh i gceangal ar na páirtithe sa díospóid de ghnáth. Níl sé dearbhaithe, áfach, nach mór coimbhleacht bhreithiúnach a réiteach, de réir dhlí an Aontais, trína dhearbhu go bhfuil an fhoráil náisiúnta ar neamhní, neamhbhailí nó nach ann di.⁵⁶ Go deimhin, is faoi gach Ballstát atá sé cumhachtaí na gcúirteanna agus na mbinsí náisiúnta a chinneadh. Ní cheanglaítear le héifeacht dhíreach agus forlámhas go dtabharfaí foirm éigin d'éifeacht *erga omnes* do na cinntí breithiúnacha atá i gceist.⁵⁷

97. I bhfianaise an mhéid sin thuas, ní fheadar – ag glacadh leis go bhfuil measúnú na cúirte a rinne an tarchur i dtaca leis an léirmhíniú ar na forálacha den Aontas atá i dtrácht ceart – nach bhféadfadh deonú faoisimh trí dhearbhu amháin nach dtrasuitear Treoir 2001/82 i gceart leis na forálacha náisiúnta atá faoi thrácht a bheith ar an bhfoirm faoisimh is iomchuí. Ar thaobh amháin, cuirtear i

52 Chuige sin, féach, *inter alia*, breithiúnas an 12 Feabhra 2015, *Baczó agus Vizsnyiczai* (C-567/13, EU:C:2015:88, mír 51).

53 Chuige sin, féach, *inter alia*, breithiúnas an 16 Meán Fómhair 2008, *Sot. Léllos kai Sia e.a.* (C-468/06 go C-478/06, EU:C:2008:504, mír 75).

54 Féach thuas, mír 34 den Tuairim seo.

55 Féach thuas, míreanna 34 agus 36 den Tuairim seo.

56 Féach breithiúnas an 19 Samhain 2009, *Filipiak* (C-314/08, EU:C:2009:719, míreanna 82 go 83).

57 Féach, chuige sin, breithiúnas an 4 Nollaig 2018, *An tAire Dlí agus Cirt agus Coimisinéir an Gharda Síochána* (C-378/17, EU:C:2018:979, míreanna 33 go 34).

gcuntas an sárú féideartha líomhnaithe agus tugtar sásamh morálta éigin don iarratasóir,⁵⁸ agus is féidir go dtugtar an deis dó damáistí a éileamh as aon díobháil a ndearnadh más amhlaidh go sásaítear na coinníollacha maidir le dliteanas an Stáit.⁵⁹ Ar an taobh eile, tá an fhoirm faoisimh sin sách teoranta ina raon feidhme agus ina héifeachtaí, go háirithe i dtaca le tríú páirtithe, agus níl sé chomh síiteach sin ar údaráis reachtacha agus riaracháin na hÉireann.

98. Mar atá luaite arís agus arís eile síos tríd an Tuairim seo, áfach, is ceisteanna iad sin go léir ar faoin gcúirt a rinne an tarchur atá sé iad a mheas agus a chur sa mheá. Ní dhéantar na pointí a phléitear sa chuid seo ach chun a dheimhniú go bhfuil raon réiteach féideartha ann. Ar an iomlán, is é príomhphointe na Tuairime seo: i mo thuairimse, ní bhaintear le dlí an Aontais, fiú i gcás ina bhfuil cearta atá bunaithe ar dhlí an Aontais faoi thrácht, den discréd a bhíonn ag cúirt náisiúnta de ghnáth chun teacht ar thoradh atá iomchuí don chás agus atá comhréireach i dtaca leis an gcás faoi leith, lena n-áirítear an faoiseamh atá le deonú don iarratasóir a roghnú, ar an gcoinníoll go bhfuil bunús maith lena chaingean ó thaobh an tuillteanais de.

V. Conclúid

99. Molaim don Chúirt an cheist arna tarchur chun réamhrialú ón Ard-Chúirt, Éire, a fhreagairt mar seo a leanas:

- Ní chuirtear bac le dlí an Aontais, agus go háirithe le prionsabal an neamhspleáchais ó thaobh nósanna imeachta de agus le prionsabal na cosanta breithiúnaí éifeachtaí, ar reachtaíocht nó ar chleachtas náisiúnta ar dá réir a bhfuil cumhacht dhiscreideach ag cúirteanna náisiúnta chun a chinneadh cé acu a dhéanfaidh siad faoiseamh a dheonú, agus, i gcás ina ndéanann siad é, cén fhoirm ina mbeidh sé, d'iarratasóir a mhaíonn nach ndearna na húdaráis treoir a thrasú i gceart, i gcás ina bhfuil bunús maith leis an gcaingean.
- Is faoin gcúirt a rinne an tarchur atá sé a áirithiú, i bhfórais agus i gcomhthéacs gach cáis aonair faoina bráid, go bhfuil coibhneas réasúnta idir cineál na gceart arna n-agairt, tromchúise an tsáraithe nó na díobhála arna fulaingt, agus an cineál leighis arna lorg, agus, mar iarmhairt air sin, an cineál faoisimh a chinneann sí a dheonú (nó, de réir mar a bheidh, gan a dheonú), i bhfabhar an iarratasóra.

⁵⁸ I dtaca leis sin, is mian liom a lua, i gcomhthéacs caingne i leith dhliteanas neamhchonarthach an Aontais Eorpaigh, go bhféadfadh foirmeacha siombalacha cúitimh nó an teagmhas neamhdhleathach a bheith breactha sa bhreithiúnas amháin a bheith mar chúiteamh sásúil chun críoch Airteagal 340 CFAE: féach, *inter alia*, breithiúnais an 14 Meitheamh 1979, *V. v. An Coimisiún* (18/78, EU:C:1979:154, mír 19); an 9 Iúil 1981, *Krecké v. An Coimisiún* (59/80 agus 129/80, EU:C:1981:170, mír 74); agus an 9 Iúil 1987, *Hochbaum agus Rawes v. an Coimisiún* (44/85, 77/85, 294/85 agus 295/85, EU:C:1987:348, mír 22). Dealraíonn sé go bhfuil an cleachtas sin i gcomhréir le cleachtas ECtHR: féach, i measc cinn eile, breithiúnais an 23 Samhain 1976, *Engel e.a. v. An Ísiltír* (CE:ECHR:1976:1123JUD000510071, §§ 10 go 11); an 17 Deireadh Fómhair 2002, *Agga v. An Ghréig* (CE:ECHR:2002:1017JUD005077699, §§ 65 go 66); agus an 30 Samhain 2004, *Vaney v. An Fhrainc* (CE:ECHR:2004:1130JUD005394600, §§ 55 go 57).

⁵⁹ Féach breithiúnais an 19 Samhain 1991, *Francovich e.a.* (C-6/90 agus C-9/90, EU:C:1991:428), agus an 5 Márta 1996, *Brasserie du pêcheur agus Factortame* (C-46/93 agus C-48/93, EU:C:1996:79).